



Caingean arna tabhairt an 29 Bealtaine 2026 – Huda Beauty v EUIPO – Schulz (déjà-vu)

(Cás T-332/26)

(C/2026/3677)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Huda Beauty Ltd (Road Town, Oileáin Bhriotanacha na Maighdean) (ionadaithe: J. Wachinger agus M. Körner, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Norbert Schulz (Hamburg, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ‘déjà-vu’ – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 214 492

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cealú

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 18 Márta 2026 i gCás R 2487/2022-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a chuir sé cinneadh an Rannáin Cealúcháin ar neamhní agus a dhiúltaigh sé don iarratas ar chúlghairm thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 214 492 ‘déjà-vu’ le haghaidh earraí in Aicme 3;
- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní freisin a mhéid a ordáíodh do gach páirtí a gcostais féin sna himeachtaí maidir le cealú agus achomhairc a íoc;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- Sárú ar cheart an iarratasóra éisteacht a fháil.